Coimisiún na Meán

Freagra ar Chomhairliúchán: Ordú Tobhaigh 2026

Dáta foilsithe: Mí na Nollag 2025

**Freagra ar Chomhairliúchán
ar an Ordú Tobhaigh atá beartaithe
i leith na tréimhse tobhaigh
ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026,
de bhun an Achta Craolacháin 2009**

Contents

1.	**Réamhrá**	**3**
1.1.	**Comhairliúchán**	**3**
2.	**Achoimre ar Fhreagairtí Comhairliúcháin agus Seasamh Deiridh an Choimisiúin**	**4**
2.1	**Raon geografach na méadrachta**	**5**
2.2	**Tréimhse ama na méadrachta**	**6**
2.3	**Soláthraithe seirbhísí iomadúla**	**6**
2.4	**Díolúintí De Minimus**	**9**
2.5	**Tobhach ar chraoltóirí teilifíse**	**10**
2.6	**Airteagal 27 den Ordú Tobhaigh – Athbhreithniú**	**11**
2.7	**Tobhaigh Theilifíse agus Físeán ar Éileamh a Chomhcheangal**	**11**
2.8	**Liosta Beo na Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha**	**13**
2.9	**AMARS – Úsáideoirí atá Logáilte isteach agus Logáilte amach**	**14**
2.10	**Teanga na sceideal a ailíniú le hAlt 21 den Acht**	**15**
2.11	**Próiseas Dearbhaithe Tobhaigh**	**17**
2.12	**Ceisteanna Eile ar Díríodh Aird Orthu**	**17**

1. Réamhrá

Tá de chumhacht ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") ordú tobhaigh a ghearradh ar sholáthraithe catagóirí éagsúla seirbhíse. I láthair na huaire, tá seacht (7) dtobhach i bhfeidhm faoi I.R. Uimh. 698/2024 ("Ordú Tobhaigh 2025") agus iad dírithe orthu seo a leanas: -

I. Seirbhísí craolacháin closamhairc / craoltóirí teilifíse,

II. Alt 71 Conraitheoirí,

III. Craoltóirí raidió/fuaime,

IV. Soláthraithe físeán ar éileamh,

V. Seirbhísí ainmnithe ar líne, lena n-áirítear Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPanna),

VI. Soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí, agus

VII. Soláthraithe seirbhísí óstála.

I gcomhréir le hAlt 21(4) d'Acht Craolacháin 2009, arna leasú ("an tAcht"), is ionann Ordú Tobhaigh agus an mheicníocht dhlíthiúil lena chinntiú go mbíonn ioncam leordhóthanach ar fáil chun riar ar chaiteachas an Choimisiúin, arna thabhú go hiomchuí, agus a riachtanais chaipitil oibre don tréimhse tobhaigh iomchuí a íoc a mhéid nach riartar orthu seo ar aon bhealach eile. Tá speansais shuntasacha agus riachtanais mhóra chaipitil oibre ag an gCoimisiún freisin, a bhaineann lena chuid feidhmeanna forbartha meán. Maoinítear iad siúd le maoiniú státchiste agus maoiniú ón gCiste Craolacháin. Dá réir sin, fágtar iad ar lár ó na méideanna a mhaoinítear ag tobhaigh.

Le hOrdú Tobhaigh 2025, gearrtar tobhach ar sholáthraithe i ndáil leis an tréimhse tobhaigh ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Tá gá le hordú tobhaigh nua chun tobhaigh a chur i bhfeidhm a mhaoineoidh speansais agus riachtanais chaipitil oibre an Choimisiúin don bhliain 2026 ("Ordú Tobhaigh 2026"). Rithfidh tréimhse tobhaigh 2026 ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 ("Tréimhse Tobhaigh 2026").

1.1. Comhairliúchán

Sa chomhthéacs seo, d'fhoilsigh an Coimisiún Cáipéis Chomhairliúcháin ar Ordú Tobhaigh 2026. Osclaíodh an Comhairliúchán ar an 2 Meán Fómhair 2025 agus tháinig deireadh leis ar an 1 Deireadh Fómhair seo a d'imigh tharainn. Fuarthas 13 aighneacht san iomlán. Fuarthas iad ó: -

- Deliveroo
- Eir
- Eiretainment
- Whats App
- Meta
- Google Ireland
- Shein

- Tumblr
- Virgin Media
- Tik Tok
- Teicneolaíocht Éireann
- Newsbrands Ireland
- IBI

Beidh na haighneachtaí ar fáil lena mbreathnú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin in am trátha.[1] Is féidir teacht ar an gCáipéis Chomhairliúcháin ar an suíomh gréasáin chomh maith.[2] Ba cheart an páipéar Freagartha Comhairliúcháin seo a léamh in éineacht leis an gCáipéis Chomhairliúcháin.

2. Achoimre ar Fhreagairtí Comhairliúcháin agus Seasamh Deiridh an Choimisiúin

Tá achoimre sa cháipéis Freagartha Comhairliúcháin seo ar na príomhcheisteanna a tháinig aníos sna haighneachtaí a fuair an Coimisiún mar aon le freagairt deiridh an Choimisiúin i leith na gceisteanna a tháinig chun cinn. Rinne an Coimisiún breithniú ar gach saincheist a ardaíodh sna haighneachtaí éagsúla sula ndearna sé aon chinneadh. Mar sin féin, níl sé airbheartaithe sa cháipéis seo go leagfar amach go hiomlán na saincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí sin.

Agus breithniú á dhéanamh aige ar na freagairtí a fuarthas, bhí aird ag an gCoimisiún ar Alt 21(9) den Acht. Tá ceanglas anseo, agus foráil á déanamh aige le hordú tobhaigh, go mbreithneoidh an Coimisiún ar ábharthacht na dtosca seo a leanas: -

a) maoiniú soláthraí, lena n-áirítear aon mhaoiniú poiblí,
b) a inmhianaithe a bheadh sé seirbhísí nua nó nuálacha a chur chun cinn,
c) cineál agus scála na seirbhísí arna soláthar ag soláthraí,
d) aon toisc eile a rachadh i bhfeidhm ar an gCoimisiún agus feidhmeanna á gcomhlíonadh aige i ndáil le soláthraí, lena n-áirítear, i gcás seirbhísí ainmnithe ar líne, ábhair dá dtagraítear in ailt 139E(3)(d), (e) agus (f) den Acht, agus
e) aon toisc eile a rachadh i bhfeidhm ar an gCoimisiún agus feidhmeanna á gcomhlíonadh aige i ndáil le Soláthraí Seirbhíse Idirghabhálach (“ISP”) lena n-áireofaí cásanna inar ainmníodh an soláthraí sin mar ardán an-mhór ar líne (“VLOP”) nó mar inneall cuardaigh an-mhór ar líne (“VLOSE”) faoi Airteagal 33 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“DSA”) agus inar gearradh an táille mhaoirseachta bhliantúil air faoi Airteagal 43 den Ghníomh sin.

De bhreis air seo, tá an Coimisiún, mar chuid dá phróiseas déanta tobhaigh, tar éis roinnt tosca breise a shainaithint a chuireann sé san áireamh.

[1] https://www.cnam.ie/ga/
[2] https://www.cnam.ie/app/uploads/2025/10/20250902_Comhairliuchain_vFinal.pdf.

Seo iad a leanas: -

- Comhréireacht leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige,
- Intuarthacht,
- Simplíocht agus éifeachtúlacht chostais ó thaobh an riaracháin de, agus
- Leanúnachas rialála.

Tá an Coimisiún sásta go léiríonn na cinntí a rinne sé, agus atá leagtha amach sa cháipéis seo, na tosca reachtúla agus beartais seo. Léirítear breithniú an Choimisiúin ar na tosca seo ar roinnt bealaí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na nithe seo a leanas: -

- úsáid thairseacha de minimis lena n-aithnítear scála na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus lena dtacaítear leis an nuálaíocht cionn is nach gcuirtear aon bhacainní airgeadais ná oibríochtúla roimh iontrálaithe úra.
- go leor gnéithe d'Ordú Tobhaigh 2025 a choimeád, rud a chinntíonn intuarthacht agus leanúnachas rialála do sholáthraithe.
- cuíchóiriú an phróisis Dearbhaithe Tobhaigh chun tacú le simplíocht an riaracháin.
- an chostéifeachtacht a bhaintear amach trí na sineirgí agus na héifeachtúlachtaí a thagann le samhail oibriúcháin agus acmhainní an Choimisiúin.
- na méadrachtaí reatha a coimeád (ioncam cáilitheach agus AMARS) a léiríonn nádúr agus scála na seirbhísí a ngearrfar tobhach orthu, rud a sholáthraíonn leanúnachas rialála chomh maith.
- an aird chuí, i gcomhthéacs fhorálacha tobhaigh an Achta, a bhíonn ag an gCoimisiún ar aighneachtaí a phléann leis an timpeallacht rialála ina mbíonn Seirbhísí Ainmnithe Ar Líne agus Soláthraithe Seirbhísí Idirlín ("ISPanna") ag feidhmiú, go háirithe an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Rialachán um Ábhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne ("TCOR").
- trédhearcacht na faisnéise agus na bpróiseas a úsáideann an Coimisiún nuair a bhíonn sé ag socrú agus ag cur i bhfeidhm an Ordaithe Tobhaigh, agus nuair a ghlacann sé freagracht as oibriú an Ordaithe sin, lena n-áirítear trí cháipéisí foilsithe atá ann cheana agus trí thrédhearcacht bhreisithe a thiocfaidh le Liosta Beo na ISPanna.

2.1 Raon geografach na méadrachta

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear go bhfuil scóip gheografach na méadrachta atá ag soláthraithe maidir le hIoncam Cáilitheach agus Meánfhaighteoirí Gníomhacha Míosúla na Seirbhíse ("AMARS") dírithe ar chúrsaí intíre agus ar fud an AE araon, ag brath ar an tseirbhís intoibhithe atá i gceist chomh maith leis an mbunús gurb é an Coimisiún an rialtóir tíre tionscnaimh do sheirbhísí intoibhithe i ndáil le gach faighteoir seirbhíse ar fud an AE. Mar chuid den Chomhairliúchán, mhol an Coimisiún go gcoinneofaí an ghné seo d'Ordú Tobhaigh 2025 le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2026.

2.1.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Níor tugadh aghaidh ar an ngné seo d'Ordú Tobhaigh beartaithe 2026 sna freagairtí a fuarthas.

2.1.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- Ag féachaint do fhreagairt an Chomhairliúcháin, coinneoidh an Coimisiún an ghné seo d'Ordú Tobhaigh 2025 le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2026.

2.2 Tréimhse ama na méadrachta

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear gurb amhlaidh, maidir le hOrdú Tobhaigh 2026, go mbeadh an tobhach do chraoltóirí teilifíse, craoltóirí raidió / fuaime agus soláthraithe físeán ar éileamh á chur i bhfeidhm bunaithe ar Ioncam Cáilitheach iniúchta do 2024. Beidh an tobhach do sholáthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne, soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha agus soláthraithe seirbhísí óstála bunaithe ar AMARS atá ar fáil don tréimhse sé mhí idir Feabhra agus Lúnasa 2025. Mar chuid den Chomhairliúchán, mhol an Coimisiún go gcoinneofaí an ghné seo d'Ordú Tobhaigh 2025 le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2026.

2.2.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Níor tugadh aghaidh ar an ngné seo d'Ordú Tobhaigh beartaithe 2026 sna freagairtí a fuarthas.

2.2.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- Ag féachaint do fhreagairt an Chomhairliúcháin, coinneoidh an Coimisiún an ghné seo d'Ordú Tobhaigh 2025 le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2026.

2.3 Soláthraithe seirbhísí iomadúla

Sa mhir seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear nach ndéantar aon chomhaireamh dúbailte ar chostais an Choimisiúin agus tobhaigh ar leithligh á ríomh. Is ionann líon iomlán na dtobhach agus meastachán iomlán na speansas atá le tabhú agus riachtanais chaipitil oibre de chuid an Choimisiúin don tréimhse thobhaigh, a mhéid nach gcomhlíontar iad ar bhealaí eile. Tugtar faoi deara sa cháipéis freisin nach ndéantar aon chomhaireamh dúbailte ar chostais an Choimisiúin i ndáil le cur i bhfeidhm an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Maidir leis seo, ní mhaoinítear ar aon bhealach eile speansais a thabhaítear de réir mar is iomchuí agus riachtanais chaipitil oibre a bhaineann le bheith ag tacú agus ag comhoibriú leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ("DSCanna") eile faoi fhorálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Mar chuid den Chomhairliúchán, mhol an Coimisiún go leanfaí de bheith ag gearradh tobhaigh ar leithligh a bheadh iníoctha maidir le gach seirbhís intoibhithe a chuirfeadh eintiteas ar fáil

2.3.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Chuir roinnt freagróirí ar an gComhairliúchán a dtuairim in iúl go bhfuil an Coimisiún ag gearradh táillí dúbailte ar roinnt soláthraithe trí thobhaigh iolracha. Mar shampla, luaigh freagróir amháin an tobhach ar ábhar Físeán ar Éileamh a sholáthraíonn seirbhís craolacháin, agus thug freagróir eile le fios go bhfágann tobhaigh Teilifíse/Físeán ar Éileamh ar leithligh sa chás seo nach bhfuil sé soiléir cé acu a bhfuil nó nach bhfuil siad ag íoc faoi dhó as rialáil an ábhair chéanna.
- Chuir freagróir eile in iúl nach bhfuil cur chuige an Choimisiúin i leith tobhaigh iolracha a ghearradh thar na seirbhísí céanna trédhearcach go leor i dtaca leis na bealaí a gcuirtear táillí maoirseachta an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha/an AE san áireamh sa tobhach maidir le tobhach Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha an Choimisiúin féin.
- Dúirt freagróir amháin gur cheart don Choimisiún costais atá inchurtha i leith mhaoirseacht VLOP faoi stiúir an AE a bhaint de chostais náisiúnta. Ar bhonn níos ginearálta, chuir roinnt freagróirí in iúl nach léir dóibh cén chaoi a socraítear costais thar sheirbhísí iolracha agus tobhaigh éagsúla ná cén fhianaise atá ar fáil dóibh ina thaobh seo.
- Shonraigh freagróir amháin gur cheart conarthaí Alt 71 a eisiaimh ó ríomh an Ioncaim Cháilithigh.
- Phléigh roinnt freagróirí saincheisteanna earnála lenar áiríodh trácht maidir le cé acu a bhí nó nach raibh aird ag an gCoimisiún ar an nádúr forluiteach a bhaineann le cuid de na réimeanna rialála agus tobhaigh éagsúla á gcur i bhfeidhm acu. Dúirt freagróir amháin gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an méid a thiteann seirbhís faoi réimeanna éagsúla agus coigeartú anuas a dhéanamh le haghaidh Thobhach an Rialacháin um Ábhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne.

2.3.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- D'aithin an Coimisiún roimhe seo go mbíonn tobhaigh ar leithligh iníoctha maidir le gach seirbhís intoibhithe a sholáthraíonn eintiteas agus go bhféadfadh go mbeadh níos mó ná an t-aon tobhach amháin iníoctha maidir le seirbhís amháin má bhaineann sí le níos mó ná ceann amháin de na catagóirí atá leagtha amach in Alt 21(1) den Acht. Is amhlaidh, áfach, nach ann d'aon chomhaireamh dúbailte ar speansais mheasta agus riachtanais chaipitil oibre an Choimisiúin. Mar atá sonraithe sa cháipéis Chomhairliúcháin, tá na ríomhanna tobhaigh bunaithe ar mheastachán de chostais iomlána mheasta an Choimisiúin agus de riachtanais chaipitil oibre, sa mhéid is nach riartar orthu ar bhealaí eile.

  I gcomhréir lena chuid riachtanais reachtúla agus rialachais, cruthaíonn an Coimisiún buiséad le haghaidh gach bliana bunaithe ar an líon fostaithe measta agus ar an gclár oibre don bhliain sin. Léiríonn an buiséad seo sineirgí a eascraíonn as a dhearadh eagraíochtúil. Mar shampla, tá foirne maoirseachta ag an gCoimisiún d'ardáin chomhtháite a dhéanann maoirsiú ar sholáthraithe maidir le seirbhísí iolracha agus maidir le

hoibleagáidí iolracha rialála faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, faoin gcód sábháilteachta ar líne agus faoi TCOR. Chun críche éifeachtúlachta, tá rannóg bheartais amháin ag an gCoimisiún mar aon le foireann teagmhála úsáideoirí amháin. Agus na costais a bhaineann le comhlíonadh feidhmeanna éagsúla á meas aige, leithroinneann an Coimisiún costais na bhfoirne comhtháite seo thar chatagóirí éagsúla na seirbhísí intoibhithe. Chomh maith leis sin, déanann sé costais lárnacha nó choiteanna a leithroinnt, amhail cóiríocht oifige a chomhroinnt thar na catagóirí éagsúla de sheirbhísí intoibhithe, agus déantar sciar a leithroinnt freisin ar fheidhmeanna nach mbaineann le seirbhísí intoibhithe, amhail riar na scéimeanna maoinithe, arb é an Státchiste a chlúdaíonn na costais a ghabhann leo. Baineann gach íocóir tobhaigh leas as na sineirgí sin nó laghdaíonn comhroinnt seo na gcostas coiteann thar eagraíocht mhór an méid iomlán atá le haisghabháil ó thobhaigh.

Léiríonn an achoimre bhuiséid a fhoilsíonn an Coimisiún gach bliain gurb ionann líon iomlán na dtobhach a ghearrtar agus meastachán ar chostais an Choimisiúin atá le tabhú de réir mar is iomchuí mar aon le riachtanais chaipitil oibre don tréimhse tobhaigh, a mhéid nach ndíoltar astu ar bhealaí eile.

- Tá inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún Eorpach maoirsiú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar fhorálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha a bhaineann go sainiúil le VLOPanna agus VLOSEnna. Ina ainneoin seo, ní mór don DSC bunaíochta feidhmeanna tábhachtacha a chomhlíonadh i dtaca le forálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéantar na feidhmeanna seo a shannadh go díreach do DSCanna faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha seachas iad a shannadh nó a tharmligean ag an gCoimisiún Eorpach. Cé go bhféadfadh an Coimisiún tabhairt faoi roinnt gníomhaíochtaí ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach nó ó DSCanna eile (m.sh. cúnamh frithpháirteach a sholáthar faoi Airteagal 57 nó faisnéis a iarrtar a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 66), is feidhmeanna iad seo, mar sin féin, nach mór don Choimisiún a chomhlíonadh agus ar gá acmhainní agus maoiniú a chur ar fáil ina leith tríd an tobhach. Ar na samplaí tábhachtacha, bheadh freagrachtaí maidir le rochtain ar shonraí do thaighdeoirí grinnfhiosraithe agus socruithe a d'éileodh ar an gCoimisiún a bheith ag oibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach d'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtúil éifeachtach an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha a chinntiú.

- Ar bhonn níos ginearálta, tugann an Coimisiún faoi réimse leathan de ghníomhaíochtaí maidir le VLOPanna agus VLOSEnna, lena n-áirítear: bheith ag cur le maoirsiú agus forfheidhmiú éifeachtach comhsheasmhach an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha ar fud an Aontais; bheith rannpháirteach leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha; cúnamh frithpháirteach a chur ar fáil chun an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach éifeachtúil; bheith ag tacú le fiosrúcháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, nuair a iarrtar a leithéid, i measc nithe eile.

- Titeann na gníomhaíochtaí seo go léir faoi mhaoirseacht agus inniúlachtaí forfheidhmithe an Choimisiúin nó tugtar fúthu de bhun fhorálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le comhoibriú agus ní hann d'aon fhoráil dhlíthiúil ná riaracháin i leith costais a aisghabháil ón gCoimisiún Eorpach nó ó fhorais eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith nach bhfuil aon fhoráil sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha lena gcuirfí ceanglas ar an gCoimisiún Eorpach aon chuid de chostais DSCanna a chlúdach.

- Ní mhaoinítear na costais a thabhaítear de réir mar is iomchuí ná na costais chaipitil oibre a theastaíonn ón gCoimisiúin chun a chuid oibleagáidí faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chomhlíonadh ar aon bhealach eile. Mar sin, is amhlaidh go mbíonn siad le clúdach trí thobhaigh a ghearrtar de bhun ordú tobhaigh a rinneadh de bhun Alt 21 den Acht, dá bhforáiltear sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

I bhfianaise a bhfuil thuas, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil gá le haon athruithe ar na bealaí a ndéantar tobhaigh a ríomh. Léiríonn sé seo go soláthraíonn roinnt íocóirí tobhaigh seirbhísí iolracha, nó go dtiteann roinnt seirbhísí faoi níos mó ná catagóir amháin de sheirbhís intoibhithe, nó go sanntar feidhmeanna don Choimisiún agus don Choimisiún Eorpach faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le VLOPanna agus VLOSEnna, agus go bhfuil táille mhaoirseachta iníoctha leis an gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 43 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

2.4 Díolúintí De Minimus

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear gurb amhlaidh i gcás na gcraoltóirí teilifíse, na gcraoltóirí fuaime / raidió agus na seirbhísí Físeán ar Éileamh, go bhfuil siad siúd a bhfuil láimhdeachas níos lú ná €500,000 acu díolmhaithe ó thobhach a íoc. I gcás Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha, beidh seirbhísí a bhfuil AMARS níos lú ná 1 mhilliún acu díolmhaithe ó thobhach a íoc. Mar chuid den Chomhairliúchán, mhol an Coimisiún go gcoinneofaí an ghné seo d'Ordú Tobhaigh 2025 le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2026.

2.4.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Ina measc siú a d'fhreagair don cheist seo, bhí tacaíocht fhorleathan ann don mholadh go gcoinneofaí an De Minimis le haghaidh Teilifíse agus Físeán ar Éileamh. Ar mhaithe le cinnteacht gnó, lorg freagróir amháin dearbhú go gcoinneofaí tairseach VOD sna blianta atá romhainn.

- I gcás na forála De Minimis le haghaidh seirbhísí idirghabhála a mbeadh níos lú ná 1m AMARS acu, d'áitigh roinnt freagróirí go raibh sé seo míchothrom agus gur fhág sé go raibh seirbhísí níos mó ag déanamh fóirdheonú ar ghníomhaíocht rialála do sheirbhísí faoi bhun na tairsí. Thug na freagróirí seo le fios gur cheart do gach eintiteas rialaithe, beag beann ar AMARS, ranníocaíocht a dhéanamh, agus gurb amhlaidh, leis an gcur chuige reatha agus an cur chuige atá beartaithe san Ordú Tobhaigh, go ndéantar neamhshuim den iarracht rialála a d'fhéadfadh go mbeadh ag teastáil i dtaca leis na heintitis sin a thiteann faoi bhun na tairsí 1m. Chomh maith leis sin, thug roinnt freagróirí le fios nach léiríonn an cur chuige De Minimis tionchair éagsúla rialála na seirbhísí

neamhchomhlíontacha, dar leo, nó go dtagann ualach breise rialála leo. Thug freagróir amháin le fios gur cheart tabhairt faoi anailís tionchair rialála maidir le seirbhísí faoi bhun 1m AMARS.

2.4.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- I gcás na díolúine De Minimis do chraoltóirí agus do sheirbhísí Físeán ar Éileamh, d'fháiltigh formhór na bhfreagróirí roimh an moladh go gcoinneofaí an fhoráil seo in Ordú Tobhaigh 2026, nó níor nocht siad aon tuairim ina leith. Dá réir sin, coinneoidh an Coimisiún forálacha De Minimis do chraoltóirí agus do sheirbhísí Físeán ar Éileamh le haghaidh Ordú Tobhaigh 2026.

- I dtaca le ISPanna, agus an íostairseach de 1m AMARS á cur i bhfeidhm aige le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2025, bhí an Coimisiún den bharúil nach mbeifí ag súil go ndéanfadh eisiamh na soláthraithe níos lú, ar deacra iad a shainaithint agus a d'fhéadfadh titim faoi bhun na tairsí seo, difríocht ábhartha don ualach a bheadh le hiompar ag na soláthraithe sin ar sainaithníodh seirbhísí ina leith. Ó shin i leith, tá an Coimisiún tar éis céimeanna breise a ghlacadh chun ISPanna breise a shainaithint agus déantar tuilleadh plé air seo i Mír 8 thíos.

- Ag féachaint d'aiseolas ón gComhairliúchán agus do na céimeanna a glacadh i dtaca le sainaithint na nISPanna, cloífidh an Coimisiún leis an gcur chuige reatha le haghaidh Ordú Tobhaigh 2026 ach coinneoidh sé an cheist sa mheá ar feadh 2026.

2.5 Tobhach ar chraoltóirí teilifíse

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear go bhfuil sé beartaithe, i gcás an tobhaigh ar chraoltóirí teilifíse, cloí leis an gcinneadh a rinne Coimisiún cheana (cinneadh a rinneadh i gcomhthéacs Ordú Tobhaigh 2025) go n-aistreofaí go dtí samhail ráta sheasta i gcás craoltóirí teilifíse, ag tosú ó Thréimhse Tobhaigh 2026. B'athrú é seo ar an tsamhail hibrideach a bhí i bhfeidhm le haghaidh 2025, rud ar choigeartú é féin ar an gcur chuige a glacadh le haghaidh 2024.

2.5.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Tháinig freagairt amháin isteach ar an gceist seo agus chuir an freagróir i gcoinne chealú iomlán shamhail an scála aistrithigh/na samhla hibridí ó 2026 i leith. Ón taobh seo de, d'áitigh siad go bhfágfadh an cealú le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2026 go mbeadh costais mhéadaithe ann don chraoltóir teilifíse. Thug siad le fios go léiríonn sé seo treocht leanúnach mar ar gearradh costais mhéadaithe tobhaigh ar an gcraoltóir nár mheas sé a bheith comhréireach.

2.5.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- Rinne an Coimisiún an cinneadh an Tobhach a choigeartú do Chraoltóirí teilifíse i gcomhthéacs Ordú Tobhaigh 2025. Agus aird á tabhairt aige ar an aighneacht a cuireadh

isteach, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil aon argóintí úra substainteacha ann a d'fhágfadh gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh ar ar tháinig sé i dtaca le hOrdú Tobhaigh 2025. Tá an mhodheolaíocht a leagfar amach in Ordú Tobhaigh 2026 comhréireach agus cuirtear san áireamh inti leithroinnt chothrom na gcostas bunaithe ar acmhainn gach soláthraí chun íoc. Ar na cúiseanna seo, glacfaidh an Coimisiún an cur chuige atá molta sa cháipéis Chomhairliúcháin.

2.6 Airteagal 27 den Ordú Tobhaigh – Athbhreithniú

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear gur fhoilsigh an Coimisiún cáipéis ina leagtar amach an próiseas i ndáil le hathbhreithnithe faoi Airteagal 27, lena dtacófaí le seirbhísí intoibhithe ar mhaith leo athbhreithniú a lorg faoi Airteagal 27 d'Ordú Tobhaigh 2025. Tugtar faoi deara ann freisin gur mhol an Coimisiún go ndéanfaí foclaíocht reatha Airteagal 27 a leasú le go n-ailíneodh sí níos beaichte le foclaíocht Alt 21(6)(e) den Acht.

2.6.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Ina measc siúd a d'fhreagair don Chomhairliúchán, cuireadh fáilte fhorleathan roimh an gcáipéis maidir le nósanna imeachta Athbhreithnithe Airteagal 27. Tháinig ceist ó fhreagróir amháin maidir leis an gcaoi a gcothófaí neamhspleáchas an athbhreithneora a bhí bainteach le próiseas Airteagal 27. Thug an freagróir seo le fios gur chosúil go bhféadfadh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar mholadh ón athbhreithneoir neamhspleách.

2.6.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- Ar cheist an neamhspleáchais, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é ról an athbhreithneora dearcadh neamhspleách a sholáthar, dearcadh nach féidir aon srianta míchuí a chur ar fhreagrachtaí cinnteoireachta bhaill an Choimisiúin, faoin Acht. Ní mór go gcoinneodh baill an Choimisiúin an lánrogha dheiridh maidir leis an mbealach a riarann an Coimisiún a chuid feidhmeanna agus róil reachtúla.

- I bhfianaise a bhfuil thuasluaite, agus aird á tabhairt go mbaineann na ceisteanna a ardaíodh le riar na n-athbhreithnithe faoi Airteagal 27 seachas leis an Ordú Tobhaigh, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún nach dteastaíonn aon ghníomh breise maidir le hOrdú Tobhaigh 2026, seachas an leasú a bhfuil cuntas air sa cháipéis Chomhairliúcháin.

2.7 Tobhaigh Theilifíse agus Físeán ar Éileamh a Chomhcheangal

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear go bhfuil sé molta ag an gCoimisiún go ndéanfaí an tobhach do sholáthraithe Teilifíse agus Físeán ar Éileamh a chomhcheangal. Thug sé le tuiscint in 2024 go mbeadh sé toilteanach breithniú a dhéanamh ar an athrú seo ach go mbeadh tuilleadh sonraí ag teastáil sula ndéanfaí aon chinneadh. Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil go dtí

seo, dúirt an Coimisiún nach molfadh sé na tobhaigh a chomhcheangal mar gheall ar an tionchar díréireach airgeadais a bheadh ann, dar leis, ar sholáthraithe Físeán ar Éileamh amháin, mar aon le fáthanna eile a leagtar amach sa cháipéis Chomhairliúcháin.

2.7.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Chuir na freagróirí a thug aghaidh ar an gceist seo (cé is moite díobh sin a léirigh nach raibh aon tuairim acu ar an gceist) fáilte fhorleathan roimh an moladh go gcoinneofaí tobhaigh ar leith do sholáthraithe teilifíse agus do sholáthraithe Físeán ar Éileamh faoi seach. Thug freagróir amháin le fios gur cheart monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag tobhaigh faoi leith a choimeád le nach mbeadh aon tionchair dhíobhálacha ann ar íocóirí tobhaigh eile. Thug freagróir eile le fios gur cheart riosca agus tionchar rialála aon soláthraí faoi leith a chur san áireamh sa tobhach, agus gur cheart caitheamh le gach soláthraí ar bhonn cothrom. Bhí craoltóir amháin den bharúil nár cheart tobhach a ghearradh ar chraoltóirí Teilifíse a sholáthraíonn seirbhísí Físeán ar Éileamh i leith ábhar, arb ionann é agus an t-ábhar a chraoltar ar an teilfís, a rialáil. Thug an freagróir seo le fios gur cheart don Choimisiún aird a bheith aige ar ualach suntasach an tobhaigh atá ann faoi láthair ar chraoltóirí a bhfuil cuspóirí poiblí acu.

2.7.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- I dtaca leis an tuairim a cuireadh chun cinn go bhfuil an Coimisiún ag gearradh táille ar an ábhar céanna trí thobhaigh éagsúla, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil foráil sa reachtaíocht le go n-íocann gach soláthraí sciar de na costais rialála. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil táille á gearradh ar sholáthraithe as rialáil a gcuid inneachair. Ina áit sin, tá táille á gearradh orthu i leith sciar de na costais rialála, i gcomhréir le forálacha an Achta. Cé go dtéann tairbhí na rialála chun leasa úsáideoirí go príomha, is amhlaidh go mbaineann gach eintiteas rialáilte in earnáil tairbhe as cothrom na féinne ó thaobh na rialála de agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé níos cothroime ar an iomlán an chionroinnt a bhunú ar mhéadracht a léiríonn acmhainn na n-eintiteas chun íoc, gan iarracht a dhéanamh é sin a choigeartú le haghaidh difríochtaí i gcostas gníomhaíochtaí rialála a bhaineann le hearnálacha sonracha nó le seirbhísí aonair. Ar bhonn níos ginearálta, measann an Coimisiún nach mbeadh sé praiticiúil measúnú a dhéanamh ag an gcéim luath seo ar an riosca a bhaineann le seirbhísí aonair, bunaithe ar chineál a seirbhíse nó a mbonn úsáideoirí, ná é seo a chur san áireamh in Ordú Tobhaigh 2026.

- Ar an mbonn seo, agus ag féachaint do na hargóintí atá leagtha amach sa cháipéis Chomhairliúcháin, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún nach ndéanfaidh sé na tobhaigh craoltóra agus Físeán ar Éileamh a chomhcheangal.

2.8 Liosta Beo na Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálacha

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear gurb amhlaidh go raibh an Coimisiún ag obair ar liosta beo a thiomsú de ISPanna a bheidh ag teacht faoi réimse údaráis forfheidhmithe agus maoirseachta an Choimisiúin. Ina theannta sin, deirtear go mbeidh faisnéis sa liosta maidir le cineál na seirbhíse, bíodh lomchainéal, seirbhís taiscthe, seirbhís óstála, ardán ar líne, inneall cuardaigh ar líne, Ardán An-Mhór Ar Líne, agus/nó Inneall Cuardaigh An-Mhór Ar Líne i gceist. Cuirfear in iúl do sholáthraithe nuair atá siad ar an liosta agus beidh deis acu uiríll a dhéanamh maidir le cé acu ar cheart go bhfanfadh seirbhís ar an liosta nó nár cheart, chomh maith leis an mbealach a dhéantar an tseirbhís a chatagóiriú. Úsáidfear an liosta beo chun bonn eolais a chur faoi chomhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

2.8.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Bhí éagsúlacht de thuairimí ann maidir leis an úsáid a bhainfeadh an Coimisiún as Liosta Beo na nISPanna chun comhlíonadh a chuid feidhmeanna faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a threorú. I dtaca leis seo, thug roinnt freagróirí le fios gur cheart tobhach a ghearradh ar aon dream atá ar an Liosta Beo, chun críche na cothroime agus nár cheart an tairseach De Minimis de 1m AMARS a chur i bhfeidhm ina leith.

  Thug roinnt freagróirí le fios chomh maith nach raibh siad sásta leis an easpa trédhearcachta atá ann, dar leo, i dtaca leis an bpróiseas a úsáideann an Coimisiún chun an Liosta Beo a chruthú. Mar thoradh air seo, bíonn sé deacair orthu, dar leo, freagairt iomlán a chur ar fáil i leith mholtaí an Choimisiúin i dtaca leis seo. Thug siad le fios chomh maith gur cheart an cur chuige agus na critéir a úsáidtear chun an liosta a thiomsú a fhoilsiú.

- Chuir roinnt freagróirí in iúl go bhféadfadh go mbeadh ar na hISPanna sin a sainaithníodh níos mó a íoc, mura mbítear in ann gach ISP a shainaithint. Maidir leis seo, rinne roinnt freagróirí cúpla moladh, lenar áiríodh na moltaí seo a leanas: -

  - Gur cheart an Liosta Beo a fhoilsiú le go bhféadann soláthraithe an tobhach a ghearrtar a sheiceáil agus aighneachtaí a dhéanamh.

  - Gur cheart go mbeadh ISPanna in ann aighneachtaí a dhéanamh maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart a gcuid seirbhísí a bheith ar an liosta agus faoin gcaoi ar cheart iad a rangú sula gcuirfí an tOrdú Tobhaigh i gcrích.

- Thug roinnt freagróirí le fios go mb'fhéidir go mbeadh sé deacair a chinntiú go gcuirfí a gcuid moltaí i bhfeidhm nuair nach raibh ann ach tréimhse ghairid idir an Comhairliúchán agus eisiúint na sonrasc tobhaigh.

- Thug freagróir le fios nach ndéantar aon idirdhealú leis an gcur chuige atá molta, dar leo, idir catagóirí éagsúla de sheirbhísí ISP (agus thug siad le fios nach bhfuil aon treoir ag an AE maidir leis seo). Mhol siad go bhféadfaí an tobhach a dhifreáil bunaithe ar chatagóirí éagsúla na seirbhísí e.g. ba dhóchúla go nginfeadh suíomh meán sóisialta ag a mbeadh

+1m AMARS níos mó rannpháirteachas rialála ná mar a ghinfeadh seirbhís sheachadta bia, mar shampla.

2.8.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- Maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart tobhach a ghearradh ar gach seirbhís ar an Liosta Beo, lena n-áireofaí iad sin faoi bhun na tairsí reatha de 1m AMARS, mar atá sonraithe i mír 2.4 thuas agus ar na cúiseanna atá leagtha amach cheana, déanfaidh an Coimisiún an cheist seo a imscrúdú a thuilleadh in 2026.

- Maidir leis an bpróiseas a úsáidtear chun an liosta a thiomsú, foilseofar faisnéis ar an modheolaíocht agus ar an gcur chuige a úsáideann an Coimisiún chun an Liosta Beo a thiomsú ar mhaithe le trédhearcacht bhreisithe. Ar a bharr sin, déanfar an Liosta Beo a fhoilsiú, cé nach gcuimseofar ann aon fhaisnéis faoi AMARS ná aon léargas maidir leis na seirbhísí sin atá os cionn nó faoi bhun thairseach an tobhaigh.

- I dtaca le ceist na n-aighneachtaí ó sholáthraithe seirbhíse ar an Liosta Beo roimh chur i gcrích an Ordaithe Tobhaigh; is amhlaidh gur dhá phróiseas ar leithligh iad an próiseas chun an Liosta Beo a bhunú agus an próiseas chun an tOrdú Tobhaigh a chur i gcrích. I gcás an Liosta Bheo, cuirtear in iúl do sholáthraithe gur cuimsíodh ar an liosta iad agus tugtar deis dóibh aighneacht a dhéanamh i dtaca lena gcuimsiú.

- I dtaca le húsáid na gcatagóirí éagsúla agus iad a rialáil ar bhealaí éagsúla, mar a tugadh faoi deara thuas, is é is cuspóir leis an tobhach ná costais an Choimisiúin, a tabhaíodh de réir mar is iomchuí, mar aon le caipiteal oibre, a aisghabháil, a mhéid is nach riartar orthu ar aon bhealach eile, agus bíonn na méideanna toibhithe bunaithe ar an gcuspóir seo agus aird tugtha iontu ar acmhainn an tsoláthraí chun íoc agus ar an ngá atá le costais a chionroinnt ar bhealach cothrom comhréireach. Ina fhianaise seo, níl sé beartaithe an cur chuige a glacadh le hOrdú Tobhaigh 2025 a athrú chun na ceisteanna seo a áireamh ann.

2.9 AMARS – Úsáideoirí atá Logáilte isteach agus Logáilte amach

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear go bhfuil iniúchadh á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí méadracht eile a úsáid, de bhreis ar AMARS, chun faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir le húsáideoirí seirbhíse agus, dá réir, bealach níos fearr a chur ar fáil chun úsáideoirí seirbhísí a shainaithint d'fhonn na tobhaigh atá le cur i bhfeidhm a ríomh. Mar shampla, baineann seirbhísí ar líne úsáid as raon d'aitheantóirí uathúla chun úsáideoirí éagsúla a gcuid seirbhísí a idirdhealú, aitheantóirí a oibríonn beag beann ar an úsáideoir a bheith logáilte isteach. Ar an dóigh chéanna, is féidir le húsáideoirí ceannacháin a dhéanamh mar "aíonna" in áit an mhargaidh ar líne seachas logáil isteach.

Ar a bharr sin, bhí tuairimí á lorg ag an gCoimisiún maidir le bealaí ina bhféadfaí méadracht eile a chur i bhfeidhm ar bhonn praiticiúil agus a indéanta a bheadh sé aon mhéadracht úr a chur i bhfeidhm le haghaidh Thréimhse Tobhaigh 2026.

2.9.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Bhí éagsúlacht de thuairimí ann maidir le cur chuige an Choimisiúin. Thacaigh roinnt daoine leis ach caveat acu; d'fhéach daoine eile leis an gcur chuige reatha a choinneáil nó lena mhionathrú ar bhealaí éagsúla. D'áitigh roinnt freagróirí gur cheart leasuithe a dhéanamh le go mbeadh aird ar líon na n-úsáideoirí gníomhacha nó ar rannpháirteachas le hábhar agus táillí intoibhithe á socrú.

  Mar shampla, thug freagróir amháin le fios gur cheart breithniú a dhéanamh ní hamháin ar úsáideoirí atá logáilte isteach ach ar chéimeanna difriúla rannpháirteachais freisin e.g. postálacha, an líon 'is maith liom' a thugtar, athbhlagálacha, tráchtanna, rannpháirteachas le físeán amháin srl.

- Thug roinnt freagróirí le fios gur cheart breithniú a dhéanamh ar AMARS a chomhcheangal le hiarracht rialála, lena aithint gur cheart go n-íocfadh páirtithe nach gcomhlíonann a gcuid ceanglas níos mó mar gheall ar an ualach comhlíontachta a chuireann siad ar an rialtóir. Chomh maith leis sin, thug freagróir eile le fios gur cheart breithniú a dhéanamh ar na réimsí ina mbíonn maoirseacht VLOP an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i réim ó thaobh na rialála de, agus gur cheart é seo a léiriú sna costais náisiúnta mhaoirseachta a ghearrfaí mar aon le AMARS. Thug freagróir amháin le fios nárbh eol dó aon mhéadracht oiriúnach eile a bheith ann.

2.9.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- Tarraingítear aird i bhfreagairtí an chomhairliúcháin go bhfuil easpa comhaontaithe ann ar bhonn ginearálta maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart an cur chuige reatha, ina n-úsáidtear AMARS mar mhéadracht chun méideanna tobhaigh a ríomh, a leasú nó maidir leis na cineálacha cuir chuige eile lena bhféadfaí glacadh, iad sin a mholtar sa cháipéis Chomhairliúcháin san áireamh. Rinneadh cuid de na pointí a cuireadh in iúl sna freagairtí ar an gComhairliúchán i dtaobh an rannpháirteachais ghníomhaigh i gcomhthéacs Chomhairliúchán Tobhaigh 2025 agus d'fhreagair an Coimisiún dóibh tar éis an phróisis chomhairliúcháin don tréimhse tobhaigh sin. Moladh roinnt méadrachtaí breise ach ba ghá iad a iniúchadh ó thaobh indéantachta de sula gcuirfí i bhfeidhm iad.

- I bhfianaise na bhfreagairtí a fuarthas, chinntigh an Coimisiún go leanfaí den chur chuige reatha i dtaca le AMARS le haghaidh thréimhse tobhaigh 2026. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar an gceist seo. Beidh aird againn ar an ngníomh tarmligthe atá le tabhairt isteach ag an gCoimisiún Eorpach maidir le cur i bhfeidhm AMARS i gcomhthéacs an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha.

2.10 Teanga na sceideal a ailíniú le hAlt 21 den Acht

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear go bhfuil sé á mholadh ag an gCoimisiún go leasófar an fhoclaíocht sna Sceidil a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh le go dtabharfaí léiriú níos fearr iontu ar theanga an Achta. Go sonrach, nuashonrófar tagairtí sna foirmlí atá san áireamh sna Sceidil

ionas go gcuirfear tagairtí do '*chion speansas agus riachtanais chaipitil oibre atá le haisghabháil ón earnáil'* in áit na dtagairtí atá ann do '*chostais mheasta rialála san earnáil'*.

Leagtar amach sa cháipéis Chomhairliúcháin moladh go bhforálfaidh Ordú Tobhaigh 2026 go ndéanfaí '*an cion seo de speansais agus riachtanais chaipitil oibre atá le haisghabháil ón earnáil*' a ríomh de réir na modheolaíochta a fhorordaítear le hAlt 21(5) den Acht i.e. gur cheart go mbeadh an cion i gcomhréir leis na speansais a ghabhann le comhlíonadh feidhmeanna a bhaineann leis an tseirbhís intoibhithe i ngach catagóir. Tá an t-athrú seo á mholadh ar mhaithe le soiléireacht, agus toisc go bhféadfadh sé cabhrú leis an gCoimisiún an aimsir a sheasamh dá mbronnfaí feidhmeanna breise air ar ghá iad a mhaoiniú trí thobhach.

2.10.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Chuir freagróir amháin ábhar imní in iúl gur dhóchúil go méadódh an t-ailíniú costais do chraoltóirí agus thug sé le fios gurbh fhearr leis cloí leis an gcur chuige reatha toisc, dar leis, go mbeadh an cur chuige úr ró-oscailte do léirmhíniú. Thug an freagróir seo le fios chomh maith nár cheart go mbeadh ar fhorais thoibhithe na 'costais chaipitil oibre' a iompar ach go n-iompródh an eagraíocht nó an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt iad.
- Mholl roinnt ISPanna a d'fhreagair don Chomhairliúchán srianta ar tháillí tobhaigh nó roghanna malartacha sa chás nach gcuirfí srian i bhfeidhm, agus ansin go nglacfaí le muirear forchéimnitheach bunaithe ar AMARS áirithe nó ar thairseacha brabúis. B'fhearr le freagróir amháin níos mó soiléire, ach bhí sé buartha maidir le trédhearcacht agus cothroime riachtanais an Choimisiúin maidir le speansais a thabhaítear de réir mar is iomchuí agus maidir le caipiteal oibre.

2.10.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- I dtaca le srianta ar tháillí tobhaigh, ba cheart é a thabhairt faoi deara go bhfuil baint dhíreach idir an méid iomlán atá le haisghabháil le gach tobhach agus na costais a tabhaíodh trí na feidhmeanna iomchuí a chomhlíonadh. Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún na feidhmeanna sin a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach. Le chéile, cuireann na teorainneacha sin bac cuí ar an méid iomlán a bhíonn le haisghabháil trí thobhach agus ní cosúil go bhfuil srian eile ag teastáil faoi na cúinsí seo. D'fhéadfadh sé freisin go bhfágfadh srian, de réir mar atá molta, gur ghá speansais an Choimisiúin agus an caipiteal oibre a thabharfaí isteach faoin tobhach a leithdháileadh ar bhealaí éagsúla thar gach íocóir tobhaigh agus go mbeadh tionchar díobhálach ar pháirtithe tionscail níos lú mar gheall ar na táillí tobhaigh níos airde a d'eascródh as an athdháileadh seo. I dtaca leis an iarratas go ndéanfaí 'caipiteal oibre' a eisiamh, tá foráil san Acht le haghaidh caipiteal oibre mar ghné den chreat tobhaigh.

- I bhfianaise a bhfuil leagtha amach thuas, glacfaidh an Coimisiún a mholadh go ndéanfar teanga na Sceideal a ailíniú le hAlt 21 den Acht, mar atá molta sa cháipéis Chomhairliúcháin.

2.11 Próiseas Dearbhaithe Tobhaigh

Sa mhír seo den cháipéis Chomhairliúcháin, deirtear go bhfuil an Coimisiún ag smaoineamh ar chastacht an phróisis Dearbhaithe Tobhaigh a laghdú tríd an ráiteas deimhnithe a éileamh ag an gcéim tosaigh nuair a iarrtar faisnéis. Chiallódh sé sin nach mbeadh ceanglas ar sholáthraithe seirbhísí a nIoncam Cáilitheach agus/nó sonraí AMARS a chur isteach ag tús na bliana tobhaigh ar dtús a thuilleadh agus ráiteas deimhnithe a chur isteach ansin a dheimhníonn a nIoncam Cáilitheach agus/nó ráiteas AMARS bliain ina dhiaidh sin.

Mhol an Coimisiún an t-athrú seo ar mhaithe le praiticiúlacht. I gcás an Ioncaim Cháilithigh dheimhnithe, is ionann an bhuntréimhse don tobhach atá le teacht agus dhá bhliain roimh an tréimhse tobhaigh. Mar chuid den Chomhairliúchán, mhol an Coimisiún go nglacfaí leis an athrú seo ó Thréimhse Tobhaigh 2026 i leith.

2.11.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Is amhlaidh, ar bhonn ginearálta, go dtacaíonn freagróirí ar an gComhairliúchán leis na nuashonruithe atá beartaithe ar an bpróiseas Dearbhaithe Tobhaigh. D'iarr roinnt acu níos mó eolais roimh ré maidir leis an méid atá le hathrú agus maidir lena mbeidh i gceist leis seo do sholáthraithe. Thug na freagróirí seo le fios go bhféadfadh go mbeadh níos mó ama ag teastáil ó sholáthraithe chun nósanna imeachta úra a bhunú agus chun costais agus deacracht a mheas. Bhí freagróir amháin, ar ionadaí de chuid na n-earnálacha digiteacha é, ag éileamh amscálaí ilbhliantúla maidir le gníomhartha a bhain le tobhaigh.
- Thug freagróir craoltóra le fios go gcuireann an cur chuige reatha seirbhísí tráchtála teilifíse a bhíonn ag brath ar theacht isteach fógraíochta faoi mhíbhuntáiste, agus d'áitigh sé go bhfuil neamhréir mhór ann idir an t-ioncam cáilitheach measta i gcomparáid leis an ioncam deiridh. D'áitigh siad gurb é seo nádúr an tionscail agus go bhfuil cúinsí struchtúrtha ann a fhágann go bhfuil an cur chuige a ghlacann an Coimisiún míchothrom dá réir.

2.11.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- I dtaca leis an gceist a d'ardaigh craoltóir amháin, níor soláthraíodh aon fhaisnéis bhreise chun tacú leis an seasamh a cuireadh in iúl. Ar bhonn praiticiúil, is ionann an cur chuige a ghlactar i leith gach craoltóir agus cinntíonn an próiseas Dearbhaithe Tobhaigh cothroime agus comhréireacht. Ní hann d'aon fhianaise a thabharfadh le fios go bhfuil an cur chuige seo míchothrom d'aon chraoltóir faoi leith. Ós rud é gur thacaigh formhór na bhfreagróirí leis an moladh, chinntigh an Coimisiún an cur chuige i leith dearbhú tobhaigh a leasú. I dtaca le hiarratais ar fhaisnéis bhreise, déanfaidh an Coimisiún na cáipéisí cuí a nuashonrú chun athruithe sna próisis a bhfuil sé molta iad a thabhairt isteach a léiriú.

2.12 Ceisteanna Eile ar Díríodh Aird Orthu

Sa cheist deiridh den cháipéis Chomhairliúcháin, tugadh cuireadh do fhreagróirí aon tuairimí eile a bhí acu ar Ordú Tobhaigh 2026 a leagan amach.

2.12.1 Achoimre ar Fhreagairtí

- Thug freagróir amháin le fios go dteastódh comhairliúchán mionsonrach tráthúil le lucht an tionscail sula dtabharfaí isteach aon athrú suntasach. Ar bhonn níos ginearálta, thug freagróir le fios go raibh castacht ag baint le ceisteanna tobhaigh, agus gur cheart níos mó ná 20 lá oibre a thabhairt do pháirtithe leasmhara le freagairt a cur isteach – dar leo gur cheart dul i ngleic leis seo le haghaidh an chomhairliúcháin ar Ordú Tobhaigh 2027.
- Luaigh comhlacht ionadaíoch craoltóireachta na méaduithe ar mhéideanna intoibhithe a ghearrtar ar a n-earnáil féin, méaduithe nach bhfuil inchosanta, dar leo, maidir le rialú na hearnála raidió neamhspleáiche. Shonraigh siad ina n-aighneacht gur earnáil chomhlíontach í seo, agus gur cheart an tobhach a ghearrtar orthu a laghdú dá réir agus costais níos airde a ghearradh orthu siúd a mbíonn tionchar níos mó rialála acu. Thug an freagróir seo le fios chomh maith gur cheart do chomhlachtaí neamhspleácha léirithe tobhach a íoc.
- Tháinig réimse tráchtanna isteach ó fhreagróirí maidir le trédhearcacht chur chuige an Choimisiúin i leith an Tobhaigh. Thug freagróirí le fios gur cheart don Choimisiún meastacháin a fhoilsiú do gach earnáil sula ndéanfaí an tOrdú Tobhaigh a fhoilsiú agus chuir siad in iúl gurbh amhlaidh, gan é seo, nárbh fhéidir leo an bonn a bhí leis na háirimh a mheas. Thug na freagróirí seo le fios gur cheart go mbeadh soláthraithe in ann aighneachtaí a dhéanamh sula gcuirfí an tobhach i bhfeidhm orthu.
- Ar na saincheisteanna eile a ardaíodh, bhí: -
  - Fadhb bhraite i dtaca le VSPS agus argóint go bhféadtar róluacháil a dhéanamh, dar leo, ar leibhéal rannpháirteachais na n-úsáideoirí le hábhar físe mar thoradh ar an mbealach a gcuireann an Coimisiún AMARS i bhfeidhm.
  - Thug freagróir amháin le fios go bhféadfadh go mbeadh na costais níos airde i dtaca le feidhmeanna nua a chur ar bun an chéad lá ach gur cheart go mbeadh na costais don rialtóir leanúnach seasta ina dhiaidh sin.
  - Áitítear nár cheart go mbeadh ar gach soláthraí costas na n-achomharc agus na dlíthíochta rialála a iompar agus gur cheart go maoineodh an státchiste iad.

2.12.2 Seasamh Deiridh an Choimisiúin

- Maidir leis na hamscálaí comhairliúcháin, bhí an tréimhse chomhairliúcháin dar fad 4 seachtaine ag teacht leis na treoirlínte Comhairliúcháin a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.[3] Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na treoirlínte i láthair na huaire, agus aird á tabhairt ar thaithí an Choimisiúin ar chomhairliúcháin a reáchtáil ó bunaíodh é in 2023 agus foilseofar treoirlínte nuashonraithe in am trátha.

[3] https://www.cnam.ie/ga/maidir-le/an-meid-a-dheanaimid/comhairliuchain/treoirlinte-comhairliuchain/

- I dtaca le ceisteanna a bhain le trédhearcacht, tá réimse de cháipéisí foilsithe ag an gCoimisiún ina bhfuil cuntas ar an mbealach a bhfeidhmíonn sé an tobhach agus ar na bearta cuntasachta atá i bhfeidhm. Reáchtáladh roinnt comhairliúchán ar an Ordú Tobhaigh ó bunaíodh an Coimisiún agus i ngach cás, foilsíodh Freagairt ar Chomhairliúchán inar sonraíodh na fáthanna leis na cinntí a rinne an Coimisiún maidir leis na comhairliúcháin seo. D'fhoilsigh sé freisin treoir ar an Ordú Tobhaigh mar aon le faisnéis ar a chaiteachais mheasta agus ar a bpróisis dearbhaithe tobhaigh. Foilsíonn an Coimisiún cuntais bhliantúla chomh maith agus ní mór dó, i gcomhréir leis an Acht, a chuid cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus d'fhéadfadh go n-iarrfaí air teacht os comhair Choiste na gCuntas Poiblí. Tá de rogha freisin ag seirbhísí intoibhithe feidhm a bhaint as próiseas athbhreithnithe Airteagal 27 má chreideann siad go bhfuil ceist tar éis teacht chun cinn maidir leis an tobhach nó na tobhaigh a d'íoc a gcuid seirbhísí. Dá réir, tá bearta suntasacha trédhearcachta agus cuntasachta i bhfeidhm agus meastar iad a bheith iomchuí. Is ann freisin do phróiseas atriallach agus tá faisnéis bhreise foilsithe ag an gCoimisiún chun trédhearcacht bhreisithe a sholáthar agus leanfaidh sé de seo, nuair is iomchuí. Ar bhonn níos ginearálta, is faoin gCoimisiún atá sé, mar chomhlacht rialála neamhspleách, a bhuiséad féin a shocrú, i gcomhréir le forálacha an Achta.

- Mar sin, is amhlaidh go bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún nach dtabharfaidh sé isteach próiseas lena gceadófaí do sholáthraithe aighneachtaí a dhéanamh sula ndéanfaí méideanna tobhaigh a shonrascadh, ós rud é nach meastar gur gá é seo a dhéanamh agus go bhféadfadh sé cur isteach go suntasach ar mhaoiniú agus ar ghníomhaíochtaí an rialtóra.

- Maidir le costais na n-achomharc agus na dlíthíochta rialála agus maidir le híocaíocht de réir seirbhísí intoibhithe, is é an Tobhach an t-aon mheicníocht atá i bhfeidhm i láthair na huaire chun na speansais seo a aisghabháil. D'éileofaí athrú reachtaíochta chun aon athrú a dhéanamh d'fhonn íoc na gcostas seo ón státchiste a éascú, rud a thiteann lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin.

- I dtaca le táille thobhaigh a ghearradh ar chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha, is amhlaidh, freisin, nach ndéantar aon fhoráil ina leith seo san Acht agus, anuas air sin, go n-éileofaí reachtaíocht mar bhonn taca fúithi sula bhféadfaí aon athrú a dhéanamh.

- Pléadh cheana le ceisteanna a bhaineann le muirear bunaithe ar phróifíl riosca seirbhíse agus ar rannpháirteachas úsáideora agus ábhar físe ar VSPS, sa pháipéar saincheisteanna seo nó i bhfreagairtí ar chomhairliúcháin a foilsíodh roimhe seo.

3. Na Chéad Chéimeanna Eile

Tá an Coimisiún buíoch as rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ó roinnt earnálacha sa phróiseas Comhairliúcháin seo. Cuirfidh an Coimisiún Ordú Tobhaigh faoi bhráid Thithe an Oireachtais roimh dheireadh 2025 a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Eiseofar treoirlínte maidir le hoibríochtú Ordú Tobhaigh 2026 chuig gach páirtí ábhartha go luath in 2026.